**Tagairt an Choimisiúin um Chosaint Sonraí: IN-18-08-3**

**Maidir le LinkedIn Ireland Unlimited Company**

**Achoimre ar an Dréacht-Chinneadh ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí**

Baineann an Cinneadh le Fiosrúchán a rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an '**Coimisiún**') ar LinkedIn Ireland Unlimited Company ('**LinkedIn**'), rialaitheoir sonraí a bhfuil a phríomhbhunaíocht in Éirinn aige. Baineann an Cinneadh le fiosrúchán gearánbhunaithe a tosaíodh an 20 Lúnasa 2018, ag teacht sna sála ar ghearán a rinne La Quadrature du Net, eagraíocht neamhbhrabúis Fhrancach ('an **Gearán**').

Rinneadh an gearán ar dtús le hÚdarás Cosanta Sonraí na Fraince, thar ceann ábhair sonraí dá ndearnadh difear de bhun Airteagal 80(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus a tarchuireadh ina dhiaidh sin chuig an gCoimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta do LinkedIn. Maíodh sa Ghearán gur phróiseáil LinkedIn sonraí pearsanta áirithe a bhaineann leis na hábhair sonraí le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe, gan bunús dlí bailí a bheith aige agus ar bhealach éagothrom neamh-thrédhearcach.

Thosaigh an Coimisiún fiosrúchán reachtúil ('an **Fiosrúchán**') an 20 Lúnasa 2018 chun an dóigh ar chomhlíon LinkedIn Airteagail 5(1)(a), 6(1), 13(1)(c), 13(1)(d), 14(1)(c) agus 14(2)(b) RGCS a scrúdú. Tosaíodh an fiosrúchán de bhun alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ('**Acht 2018**').

## Raon Feidhme Ábhartha agus Ama an Chinnidh

### *Cúlra*

Baineann ábhar an Chinnidh leis an dóigh a bpróiseálann LinkedIn sonraí pearsanta na mball d'ardán LinkedIn le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe. Is é is anailís iompraíochta ann, sa chomhthéacs seo, ná an próiseas ar fad trína ndéantar faisnéis arna soláthar ag duine aonair, arna tabhairt le fios ó dhuine aonair nó arna mbreathnú faoi dhuine aonair a úsáid chun eolas a dhéanamh do na fógraí a spriocdhírítear ar an duine aonair sin nó a chuirtear le faisnéis eile chun fógraíocht spriocdhírithe a sheoladh. Is é is fógraíocht spriocdhírithe ann, dá réir sin, ná an próiseas trína spriocdhírítear fógraí sonracha ar dhuine aonair, bunaithe ar fhaisnéis a shealbhaítear faoin duine aonair (bíodh an fhaisnéis sin soláthartha go díreach acu, tugtha le fios uathu agus/nó breathnaithe fúthu) nó ar chritéir spriocdhíriúcháin a forbraíodh bunaithe ar fhaisnéis den sórt sin. Tríd is tríd, rinne LinkedIn anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe ar na boinn seo a leanas: (i) sonraí a chuir na baill isteach nó a cruthaíodh mar thoradh ar an úsáid a bhain siad as ardán LinkedIn ('**sonraí céadpháirtí**'); agus (ii) sonraí a sholáthair a chustaiméirí fiontraíochta do LinkedIn ('**sonraí tríú páirtí**'). Is leagtha amach thíos atá mionsonraí breise faoi na foinsí sonraí sin.

***Sonraí tríú páirtí***

Is é is sonraí tríú páirtí ann, sa chomhthéacs seo, ná sonraí a bhfuair LinkedIn iad trí bhíthin na húsáide a bhain custaiméirí LinkedIn Marketing Solutions ('**LMS**') as an 'LinkedIn Insight Tag' ar a suíomhanna Gréasáin. Is é is an LinkedIn Insight Tag ann ná píosa cóid a sheolann comhartha, trí ghlao HTTP, chuig LinkedIn nuair a thugann úsáideoir cuairt ar an suíomh Gréasáin de chuid custaiméara de chuid sheirbhís LMS LinkedIn a bhfuil Insight Tag curtha air. Leis an gcomhartha a fhaightear tríd an Insight Tag, soláthraítear rochtain do LinkedIn ar aon fhianáin LinkedIn, más ann, atá i láthair ar bhrabhsálaí an bhaill.

Má bhí LinkedIn in ann ina dhiaidh sin na sonraí a fuarthas a mheaitseáil le ball de LinkedIn, agus má sholáthair an ball toiliú le sonraí tríú páirtí a úsáid le haghaidh spriocdhíriú fógraí, bhí LinkedIn in ann na baill a chur isteach i ngrúpa spriocdhíriúcháin don chustaiméir tríú páirtí sin de chuid LMS chun go bhféadfaí fógraí a ath-spriocdhíriú orthu ar ardán LinkedIn agus as ardán LinkedIn araon. De rogha air sin, más rud é go raibh meaits ann agus nár sholáthair an ball toiliú le sonraí tríú páirtí a úsáid le haghaidh spriocdhíriú fógraí, is amhlaidh a bhain LinkedIn úsáid as an bhfaisnéis sin chun tuairiscí anailísíochta comhiomlánaithe a sholáthar do chustaiméirí LMS dá chuid. Leis na tuairiscí sin, bhí na tríú páirtithe sin in ann a bhfeachtais fógraíochta a bheachtú tuilleadh agus spriocdhíriú ar bhaill LinkedIn ar bhealach níos éifeachtaí ar bhonn a sonraí céadpháirtí.

Ba é críoch fhoriomlán na hanailísíochta a rinneadh tríd an Insight Tag a úsáid ná a chur ar chumas chustaiméirí LinkedIn anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe a sheoladh ar bhonn sonraí tríú páirtí. Folaíonn anailís iompraíochta anailís ar iompraíocht daoine aonair sonracha agus faisnéis faoi níos mó ná duine aonair amháin a chur le chéile chun fógraíocht spriocdhírithe a sheoladh. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh amhlaidh, maidir leis an anailísíocht a rinne LinkedIn tríd an Insight Tag a úsáid agus a soláthraíodh dá chustaiméirí chun spriocdhíriú ar bhaill ar bhonn na sonraí céadpháirtí, a tháinig sí freisin faoin gceannteideal 'anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe' atá sainmhínithe thuas agus, dá réir sin, faoi raon feidhme an Fhiosrúcháin.

***Sonraí céadpháirtí***

Bhí na sonraí céadpháirtí ar phróiseáil LinkedIn iad comhdhéanta díobh seo a leanas:

- Sonraí a sholáthair baill LinkedIn go díreach do LinkedIn ina bpróifílí; agus
- Tátail a bhain LinkedIn as an bhfaisnéis a sholáthair na baill ar a bpróifílí (e.g., inscne nó aois), as na gníomhartha a rinne na baill ar LinkedIn, agus as na gníomhartha a rinne baill chosúla.

Chuir LinkedIn na baill ina ndeighleoga ar bhonn na sonraí sin. Mar shampla, dhéanfaí ball a bhfuil an dlí mar réimse liostaithe staidéir aige nó aici a chur isteach sa deighleog dlí faoin gcatagóir 'réimsí staidéir'.

De bhreis ar an méid thuas, b'amhlaidh, idir mí an Mhárta 2019 agus mí an Mhárta 2023, a chuir LinkedIn sraith ball isteach i gcatagóirí spéise ar bhonn na gcatagóirí spéise ar chuir Bing iad iontu tríd an úsáid a bhain siad as an inneall cuardaigh. Fuair LinkedIn na sonraí catagóirí spéise sin agus mhapáil sé iad le catagóirí spéise LinkedIn féin (ní bhfuair LinkedIn aon sonraí sonracha ar bhonn na gcuardach ó Bing). Cé gur fhéach LinkedIn leis na sonraí sin a aicmiú mar shonraí céadpháirtí agus gur bhunaigh sé a phróiseáil ar an mbunús dleathach a rabhthas ag brath air le haghaidh próiseáil den sórt sin (mar atá mionsonraithe thíos), níor ghlac an Coimisiún leis gur aicmigh LinkedIn na sonraí sin go cruinn mar shonraí céadpháirtí.

***Raon Feidhme Ama***

Le raon feidhme ama an Chinnidh, breithníodh an phróiseáil a rinne LinkedIn ar shonraí mar a bhí sí ag dhá phointe ama – an 28 Bealtaine 2018 agus an 14 Meán Fómhair 2020. Is é an chéad phointe ama ná an dáta ar a ndearnadh an gearán. Is é an dara pointe ama ná dáta an chéad chomhfhreagrais a sheol an Coimisiún chuig LinkedIn tar éis dó scor de bheith ag brath ar an mbunús dleathach arb éard é gá conarthach faoi Airteagal 6(1)(b) RGCS mar bhunús dleathach le sonraí pearsanta céadpháirtí a phróiseáil, mar atá mionsonraithe thíos.

***Bunúis dhleathacha a raibh LinkedIn ag brath orthu***

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na bunúis dhleathacha a raibh LinkedIn ag brath orthu le haghaidh próiseáil a tháinig faoi raon feidhme an Fhiosrúcháin seo agus an Chinnidh seo:

| **Oibríocht agus críoch na próiseála** | **An bunús dleathach a rabhthas ag brath air amhail an 28 Bealtaine 2018** | **An bunús dleathach a rabhthas ag brath air amhail an 14 Meán Fómhair 2020** |
|---|---|---|
| Sonraí céadpháirtí na mball a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe (gan anailísíocht a áireamh) | Gá conarthach (Airteagal 6(1)(b) RGCS)<br><br>Leasanna dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f) RGCS) | Leasanna dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f) RGCS) |
| Sonraí tríú páirtí na mball a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe (gan anailísíocht a áireamh) | Toiliú (Airteagal 6(1)(a) RGCS) | Toiliú (Airteagal 6(1)(a) RGCS) |


| | | |
|---|---|---|
| Sonraí tríú páirtí na mball a phróiseáil le haghaidh anailísíochta | Leasanna dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f) RGCS) | Leasanna dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f) RGCS) |

Agus aird á tabhairt ar an gcúlra thuas, cuimsítear sna rannáin seo a leanas forbhreathnú ar na sáruithe a cinneadh sa Chinneadh, faoi na ceannteidil ábhartha seo a leanas: dlíthiúlacht; cothroime; agus trédhearcacht.

**<u>Dlíthiúlacht</u>**

(i) Toiliú

Mar réamhshocrú faoin 25 Bealtaine 2018, bhí rogha an diúltaithe i bhfeidhm do bhaill de LinkedIn san Aontas Eorpach maidir le toiliú le sonraí tríú páirtí a úsáid le haghaidh spriocdhíriú fógraí. Ina dhiaidh sin, cuireadh fógra iontáirge (atá léirithe thíos) ina láthair, inar tugadh an rogha dóibh toiliú le sonraí tríú páirtí a úsáid le haghaidh spriocdhíriú fógraí nó leanúint le rogha an diúltaithe a fheidhmiú.




[Fíor 1 – Fógra iontáirge LinkedIn]

Chun go mbeidh an toiliú bailí faoi RGCS: (1) ní mór an toiliú a bheith tugtha faoi shaoirse, (2) ní mór an toiliú a bheith sonrach, (3) ní mór an toiliú a bheith gan athbhrí, (4) ní mór é a bheith chomh héasca céanna toiliú a tharraingt siar agus atá sé é a thabhairt, agus (5) ní mór an toiliú a bheith feasach. Sheol an Coimisiún mionscrúdú ar an toiliú a fuarthas faoi threoir gach ceann de na critéir sin agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh amhlaidh, maidir leis an toiliú a fuair LinkedIn, nach raibh sé tugtha faoi shaoirse, sonrach, feasach ná gan athbhrí.

Maidir leis an toiliú a bheith tugtha faoi shaoirse, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh é an toradh a bhí ar an dearcadh a cruthaíodh le huirlis toilithe LinkedIn go rachfaí chun aimhleasa d'ábhair sonraí mura dtabharfadh siad toiliú ná go raibh méid éigin brú mhíchuí agus tionchair mhíchuí ar ábhair sonraí toiliú trí chliceáil ar an gcnaipe "*Accept & Continue*". Go háirithe, maíodh san fhoclaíocht a úsáideadh san uirlis toilithe gurbh amhlaidh, mura dtabharfadh siad toiliú ar an mbealach iarrtha, a dhéanfaí difear diúltach dá gcumas chun poist ábhartha a fheiceáil ar an ardán, seachas gan a bheith in ann fógraí íoctha poist a fheiceáil.

Maidir leis an toiliú a bheith feasach agus sonrach, chinn an Coimisiún gurbh amhlaidh, maidir leis an bhfaisnéis a bhí ag gabháil leis an sásra toilithe a raibh LinkedIn ag brath uirthi, nár cuireadh ar chumas na n-ábhar sonraí léi go leordhóthanach "*a dhéanamh amach go héasca iarmhairtí aon toilithe*" a rabhthas ag iarraidh orthu é a thabhairt, mar a cheanglaítear le haghaidh toiliú bailí ar aon dul le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE). Go háirithe, níor soláthraíodh go leor mionsonraí faoi na teicneolaíochtaí fógraíochta a n-úsáideann LinkedIn iad ná faoi na róil a bhí ag na comhpháirtithe fógraíochta tríú páirtí éagsúla agus na foilsitheoirí tríú páirtí éagsúla ar oibrigh sé leo. De bhreis air sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur mhíchruinn a bhí an t-idirdhealú idir an bealach a bhfaigheadh na baill fógraíocht spriocdhírithe (i.e., ar ardán LinkedIn nó as ardán LinkedIn), a mhéid a bhain leis na hoibríochtaí próiseála, na teicneolaíochtaí agus na sonraí a úsáidtear, agus na comhpháirtithe lena mbaineann. Níor soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha ar bhealach sách gráinneach ach oiread, rud a d'fhág gurbh fhéidir go raibh sí míthreorach d'ábhair sonraí. Treisíodh an fhionnachtain ón gCoimisiún tuilleadh le LinkedIn a bheith ag brath ar roinnt bunúis dhleathacha le sonraí tríú páirtí a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe. Maidir leis sin, níor cuireadh in iúl do na baill tráth a bhí toiliú á thabhairt acu gurbh amhlaidh, dá mba rud é nach dtabharfadh siad toiliú den sórt sin, a phróiseálfadh LinkedIn na sonraí sin fós chun tuairiscí anailísíochta a thabhairt dá chustaiméirí fiontraíochta ar bhunús leasa dhlisteanaigh mhaíte. Mar thoradh ar na lochtanna sin, ní rabhthas in ann a mheas gur sách feasach nó sonrach de réir bhrí RGCS a bhí an toiliú a fuarthas trí bhíthin an tsásra iarrtha toilithe.

Maidir leis an toiliú a bheith gan athbhrí, tá sé ríthábhachtach go bhforbródh rialaitheoirí sásraí toilithe atá soiléir d'ábhair sonraí, lena seachnaítear athbhrí agus lena gcinntítear gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir an gníomh trína dtugtar toiliú agus gníomhartha eile. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár comhlíonadh an caighdeán sin sa chás seo. Cé go raibh iompraíocht ghníomhach ag teastáil ar thaobh na n-ábhar sonraí, ba é an toradh a bhí ar chur in iúl na roghanna a cuireadh i láthair na n-úsáideoirí, mar

a bhí “*Accept & Continue*” v. “*Manage Settings*”, ná gur cruthaíodh athbhrí agus gur brúdh ábhair sonraí i dtreo glacadh leis an rogha chun leanúint ar aghaidh. De bhreis ar athbhrí an fhrása chomhchodaigh ““*Accept & Continue*” atá leagtha amach thuas, níorbh ionann infheictheacht an dá rogha ó thaobh amhairc de, cé go raibh siad taobh le taobh. Cé go raibh an chuma air go raibh na cnaipí ar cóimhéid, bhí an cnaipe “*Accept & Continue*” gorm agus feiceálach in aghaidh chúlra bán an tsreafa rannpháirtíochta úsáideora. Os a choinne sin, bhí an dath céanna ar an gcnaipe “*Manage Settings*” agus a bhí ar chúlra an fhógra iontáirge agus, mar sin de, bhí sé níos doilí é a aithint.

(ii) Leasanna dlisteanacha

Foráiltear le hAirteagal 6(1)(f) RGCS go mbeidh an phróiseáil dleathach a mhéid is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí ar na leasanna sin, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí.

Dar le cásdlí CBAE, ní mór trí choinníoll a bheith comhlíonta chun go mbeidh rialaitheoir in ann brath ar leasanna dlisteanacha mar bhunús dleathach le sonraí pearsanta a phróiseáil: (a) leas dlisteanach a bheith á shaothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí; (b) an gá le sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú; agus (c) cé acu atá nó nach bhfuil sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí ar an leas dlisteanach atá á shaothrú.

D’aontaigh an Coimisiún le LinkedIn gur leasanna dlisteanacha iad bunú, seoladh agus soláthar ghnó agus sheirbhísí LinkedIn, rud lenar tugadh cumas agus cabhair do bhaill, aíonna, ábhair eile agus custaiméirí LinkedIn chun seirbhísí a rochtain agus a sholáthar, cur le chéile agus ceangal a dhéanamh, iad féin a chur in iúl agus deiseanna oideachasúla agus gnó a rochtain. Sa chomhthéacs sin, chabhraigh an anailís iompraíochta agus an fhógraíocht spriocdhírithe a rinne LinkedIn lena chustaiméirí spriocdhíriú ar dhaoine aonair, rud a ghin ioncam dá réir trí chabhrú lena chinntiú go sroichfeadh na fógraí faoina sheirbhísí an spriocphobal is cuí. Dá bhrí sin, shásaigh leasanna LinkedIn agus leasanna na mball agus na dtríú páirtithe an chéad chéim den tástáil, i.e., chomhlíon siad an sainmhíniú ar leasanna dlisteanacha chun críocha RGCS. De bhreis air sin, maidir leis an dara céim den tástáil, ghlac an Coimisiún leis gur thaispeáin LinkedIn, tráth an Fhiosrúcháin, nárbh ann d’aon mhodh níos neamhshriantaí le haghaidh na leasanna a bhí i gceist a bhaint amach, ar modh é trína bhféadfaí an aidhm a bhí á saothrú a bhaint amach ar bhealach chomh héifeachtach céanna.

Maidir leis an tríú cuid den tástáil, ar ina leith is gá na cearta agus na leasanna lena mbaineann atá i gcoinne a chéile a chothromú ar bhonn cáis ar chás, agus suntasacht na gceart atá ag an ábhar sonraí a eascraíonn as Airteagail 7 agus 8 den Chairt á cur san áireamh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár aimsigh LinkedIn an chothromaíocht chuí. D’admhaigh an Coimisiún gur rannchuidigh ardán LinkedIn le roinnt leasanna poiblí dearfacha, amhail fostaithe agus cuardaitheoirí poist a chumasú a scileanna a fhógairt do

mhór-spriocphobal fostóirí, deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna a sholáthar, cuardaitheoirí poist a mheaitseáil le deiseanna fostaíochta a oireann is fearr dá n-ábhair spéise, agus costais chuardaigh a laghdú (am san áireamh). Thug an Coimisiún méid éigin tábhachta do na tairbhí sin, dá bhrí sin.

Shainaithin an Coimisiún roinnt tionchair dhiúltacha ar ábhair sonraí, áfach. Áiríodh leo sin: (i) an dóchúlacht go ndéanfaí ábhar sonraí a dheighilt go mícheart ar bhonn sonraí ar baineadh tátal earráideach astu agus go gcuirfí fógraíocht ina láthair nach mbeadh aon ábharthacht aici mar thoradh ar phróiseáil fhairsing a dhéanamh ar shonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith míchruinn; (ii) an líon mór deighleog agus an líon mór tátal a d'fhéadfaí a bhaint faoi úsáideoirí; (iii) an úsáid fhairsing a baineadh as catagóirí sonraí ar baineadh tátal astu agus an fhéidearthacht lena mbaineann imní ar leith go bhféadfaí, i gcomhthéacs gairmiúil, spriocdhíriú ar ábhar sonraí nó, rud ab fhadhbaí fós, go bhféadfaí ábhar sonraí a eisiamh ó fhógraí poist ar bhonn sonraí ar baineadh tátal astu agus a bheadh ina dtosca míchuí le cur san áireamh i gcomhthéacs gairmiúil (amhail inscne nó aois); (iv) agus an úsáid a baineadh as catagóirí spéise a díorthaíodh ó ghníomhaíochtaí na mball ar Bing, a bhí ionsáiteach go háirithe.

De bhreis air sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh an phróiseáil a ndearna LinkedIn í laistigh d'ionchais réasúnacha na n-úsáideoirí. D'admhaigh an Coimisiún go mbeadh formhór na n-ábhar sonraí a úsáideann ardán meán sóisialta ag súil le cineál éigean fógraí spriocdhírithe. Mar sin féin, níor cumhdaíodh leis sin úsáid a bhaint as catagóirí sonraí ar baineadh tátal astu i gcomhthéacs gairmiúil (amhail inscne nó aois), úsáid a bhaint as sonraí Bing, ná úsáid a bhaint as tuairiscí anailísíochta (a bhí bunaithe ar shonraí tríú páirtí, lenar áiríodh in imthosca inar dhiúltaigh ábhair sonraí do thoiliú a thabhairt lena sonraí tríú páirtí a úsáid le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe) chun spriocdhíriú níos fearr ar úsáideoirí ar bhonn sonraí céadpháirtí. Cé gur admhaigh an Coimisiún gurbh amhlaidh, maidir leis na nochtaí a rinneadh sa Bheartas Príobháideachta ó LinkedIn, a bhí siad ábhartha don mheasúnú ar cé acu a bhí nó nach raibh gníomhaíochtaí próiseála ar leith laistigh d'ionchais réasúnacha na n-úsáideoirí, ar aon dul leis na Treoirlínte ó EDPB, ní raibh na nochtaí a rinne LinkedIn sa Bheartas Príobháideachta uaidh in ann a bheith cinntitheach maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an phróiseáil a rinneadh ar shonraí aoise agus inscne ar baineadh tátal astu le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe laistigh d'ionchais réasúnacha na n-úsáideoirí. De bhreis air sin, maidir leis na tagairtí do shonraí Bing, nach ndearnadh ach i socruithe fógraíochta na n-úsáideoirí, agus maidir le tagairtí ginearálta do shonraí a fuarthas ó Microsoft sa Bheartas Príobháideachta, níor leor iad chun an phróiseáil a rinneadh ar shonraí Bing a thabhairt isteach in ionchais réasúnacha na n-úsáideoirí.

Agus na tosca atá luaite thuas agus an phróiseáil ar fad sa lántimpeall á gcur san áireamh, ní raibh an Coimisiún den tuairim go raibh an tromlach sealadach i bhfabhar na próiseála a rinne LinkedIn ar shonraí pearsanta le leasanna LinkedIn nó le leasanna na mball agus na dtríú páirtithe. Cé gur aontaigh an Coimisiún gur rannchuidigh ardán LinkedIn le leasanna poiblí dearfacha áirithe, bhí sáraíocht ag an tionchar ar ábhair sonraí ag na leasanna sin. Bhí tionchar ag an bpróiseáil ar chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí, bhí cineál ionsáiteach aici agus, i bhfianaise an mhéid faisnéise a bailíodh faoi dhaoine aonair, a chuaigh níos faide i gcéin ná sonraí a bhain go hiomlán le saol gairmiúil an duine aonair, amhail

sonraí aoise agus inscne ar baineadh tátal astu, ní raibh sí laistigh d'ionchais réasúnacha na n-ábhar sonraí i gcomhthéacs gairmiúil.

Thug an Coimisiún dá aire roinnt bearta breise agus coimircí breise a sholáthair LinkedIn. Áiríodh leo sin: na bearta um ainm bréige a chur i bhfeidhm a úsáideadh i ndáil le sonraí tríú páirtí a fuair LinkedIn ón Insight Tag de chuid chustaiméirí LMS agus srianta ar mhicri-spriocdhíriú; beartais chun cleachtais idirdhealaitheacha san fhógraíocht a shrianadh; agus roghanna diúltaithe neamhchoinníollacha a chumasú. Mar sin féin, cé nach mór na nochtaí a rinne LinkedIn, na roghanna diúltaithe, na bearta slándála agus na beartais fógraíochta a chur san áireamh nuair atá an tromlach deiridh á bhreithniú, b'amhlaidh, i bhfianaise na laigí agus na gcoinníollacha a sainaithníodh, nach raibh an Coimisiún den tuairim gur leor na bearta sin chun an tromlach a chur i bhfabhar bhrath LinkedIn ar bhunús dí na leasanna dlisteanacha. Mar thoradh air sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh sáraíocht ag leasanna agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí ar leasanna dlisteanacha LinkedIn agus nach raibh LinkedIn ag brath go bailí ar Airteagal 6(1)(f) RGCS.

(iii) Gá conarthach

Foráiltear le hAirteagal 6(1)(b) do bhunús dleathach leis an bpróiseáil a mhéid is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh.

I mí Eanáir 2020, scoir LinkedIn de bheith ag brath ar Airteagal 6(1)(b) mar bhunús dleathach le sonraí pearsanta céadpháirtí a phróiseáil le haghaidh fógraíocht spriocdhírithe. Ón uair sin i leith, bhí LinkedIn ag brath ar Airteagal 6(1)(f) agus ar an airteagal sin amháin mar bhunús dleathach le próiseáil den sórt sin. D'ainneoin an scoir sin, bhreithnigh an Coimisiún cé acu ab amhlaidh nó nárbh amhlaidh, amhail dáta an Ghearáin, eadhon an 28 Bealtaine 2018, a bhí LinkedIn ag brath go bailí ar Airteagal 6(1)(b) mar bhunús dlí le sonraí pearsanta céadpháirtí a bhall a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe a dhéanamh.

Chuige sin, agus ar aon dul leis an treoir ó EDPB, bhreithnigh an Coimisiún ab amhlaidh nó nárbh amhlaidh, maidir leis an bpróiseáil a rinne LinkedIn ar shonraí a bhall le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe a dhéanamh, a bhí sí riachtanach go hoibiachtúil le haghaidh chomhlíonadh an Chomhaontaithe Úsáideoirí a bhí i bhfeidhm idir é agus a bhaill agus a bhí mar chuid den "chroímhargadh" a rinneadh idir LinkedIn agus a bhaill. Dar le treoir roimhe ó EDPB (Treoirlínte 02/2019), ní mór an foras "*is gá le haghaidh conradh a chomhlíonadh*" a léiriú dáiríre agus ní chumhdaítear leis cásanna nach gá an phróiseáil a dhéanamh dáiríre le haghaidh conradh a chomhlíonadh iontu ach, ina ionad sin, ina bhforchuireann an rialaitheoir an phróiseáil ar an ábhar sonraí go haontaobhach. Maidir leis sin, tháinig EDPB ar an gconclúid roimhe seo gurb amhlaidh le linn an gá a mheasúnú, *"[atá sé] tábhachtach réasúnaíocht bheacht an chonartha, i.e., substaint agus cuspóir bunúsach an chonartha, a chinneadh toisc gur ina haghaidh sin a thástálfar an gá nó nach gá an phróiseáil sonraí a dhéanamh le haghaidh an*

*conradh a chomhlíonadh"*. Leagtar amach i dTreoirlínte 02/2019, dá bhrí sin, tuairim shriantach maidir le cén uair ba cheart a mheas gur gá próiseáil a dhéanamh le haghaidh conradh a chomhlíonadh, agus déantar tagairt fhollasach iontu d'fhógraíocht phearsantaithe mar shampla de phróiseáil nach gá a dhéanamh de ghnáth. Is riail ghinearálta í sin, áfach, agus ní dearbhriail í.

Comhsheasmhach leis an treoir sin, chinn CBAE roimhe seo freisin gurb amhlaidh, maidir leis an bhfíoras go bhféadfadh go ndéanfaí tagairt do phróiseáil den sórt sin sa chonradh nó nach mbeadh sí úsáideach ach amháin le haghaidh an conradh a chomhlíonadh, atá sé sin neamhábhartha ann féin chuige sin (féach Cás C-252/21 *Bundeskartellamt*). Ina ionad sin, is í an toisc chinntitheach chun críocha an bonn cirt a chur i bhfeidhm ná nach mór próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir a bheith éigeantach le haghaidh chomhlíonadh cuí an chonartha a tugadh chun críche idir an rialaitheoir agus an t-ábhar sonraí agus, dá bhrí sin, nach ann d'aon roghanna eile atá inoibrithe agus nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna. Maidir leis an mbonn cirt a bhí bunaithe ar inneachar pearsantaithe, tháinig CBAE ar an gconclúid seo a leanas: *"cé go bhfuil pearsantú den sórt sin úsáideach don úsáideoir a mhéid a chuireann sé ar chumas an úsáideora, i measc nithe eile, amharc ar inneachar a chomhfhreagraíonn go mór dá leasanna, is é fírinne an scéil, faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, nach bhfuil an chuma air gur gá inneachar pearsantaithe chun seirbhísí an líonra shóisialta ar líne a thairiscint don úsáideoir sin"*.

Sna himthosca reatha agus i bhfianaise na treorach sin agus an chásdlí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, tar éis dó téarmaí an Chomhaontaithe Úsáideoirí agus an Bheartais Príobháideachta araon a bhreithniú, nach rabhthas in ann a mheas go raibh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe mar chuid den chroímhargadh idir LinkedIn agus a bhaill. Go háirithe, bhí an rogha ag na baill diúltú a bheith páirteach sa phróiseáil ábhartha ar fad agus leanúint den tseirbhís a úsáid. I dtuairim an Choimisiúin, ba é a bhí ansin ná aitheantas ag LinkedIn go bhféadfaí croíchuspóirí an chonartha a chomhlíonadh gan sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe. Cé gur luadh fógraíocht spriocdhírithe i rannán 2.4 den Bheartas Príobháideachta ó LinkedIn, níor cuireadh in iúl ann in aon chor go raibh sé sin ina chuid bhunúsach den soláthar seirbhísí ag LinkedIn dá bhaill. Go deimhin, bhíothas in ann seirbhísí LinkedIn a sholáthar do bhaill i riocht rogha eile coibhéisí nach raibh pearsantú fógraí i gceist léi, faoi mar a tharlaíonn nuair a roghnaíonn baill gan fógraí pearsantaithe a fháil. Dá réir sin, mheas an Coimisiún gurbh ann dó *"rogha eile a bhí inoibrithe agus nach raibh chomh hionsáiteach céanna"* ar shonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe a dhéanamh, de réir bhrí an bhreithiúnais ó CBAE i gcás *Bundeskartellamt*.

Maidir le coincheap an ghá, níor mheas an Coimisiún ach oiread go rabhthas in ann a mheas gur ghá sonraí céadpháirtí a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe chun an Comhaontú Úsáideoirí a chomhlíonadh. Chuige sin, thug an Coimisiún dá aire go ndearnadh cur síos sa Bheartas Príobháideachta ar phróiseáil le haghaidh fógraí agus le haghaidh pearsantú i dtéarmaí nár chomhlíon in aon chor an sainmhíniú ar ghá agus gur cuireadh in iúl go soiléir ann go raibh aon phróiseáil a dhéanfaí ar shonraí pearsanta le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe faoi réir shocruithe pearsanta an bhaill. Dá réir sin, chinn an Coimisiún nárbh é sonraí céadpháirtí a phróiseáil le

haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe an bealach ba neamh-ionsáití ina raibh LinkedIn in ann seirbhísí a sholáthar dá bhaill. Níor ghá an phróiseáil sin a dhéanamh chun an tseirbhís shonrach a bhí i gceist a sholáthar do bhaill LinkedIn.

Mar thoradh air sin, agus faoi mar a bhí amhlaidh tráth an Ghearáin, ní raibh LinkedIn in ann a bheith ag brath go bailí ar Airteagal 6(1)(b) mar bhunús dleathach le sonraí céadpháirtí a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe.

**<u>Trédhearcacht</u>**

***Airteagail 13(1)(c) agus 14(1)(c)***

Sonraítear an méid seo a leanas, i measc nithe eile, in Airteagal 13(1)(c):

> *I gcás go mbailítear sonraí pearsanta ábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis uile faoin méid seo a leanas don ábhar sonraí tráth a gheofar na sonraí pearsanta:*
> […]
> *(c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil*

Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 14(1)(c) RGCS:

> *I gcás nár bailíodh na sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, soláthróidh an rialaitheoir an fhaisnéis seo a leanas don ábhar sonraí:*
> […]
> *(c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil.*

Dá bhrí sin, foráiltear le hAirteagail 13(1)(c) agus 14(1)(c) do sholáthar na faisnéise céanna a bhaineann le sonraí arna mbailiú go díreach ó ábhair sonraí agus le sonraí arna mbailiú ó thríú páirtithe. Leagtar amach in Airteagal 12(1) RGCS an bealach nach mór do rialaitheoir faisnéis dá dtagraítear in Airteagail 13 agus 14 a sholáthar, i.e., *"i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, a mbaintear feidhm inti as teanga shoiléir agus as gnáthfhriotal"*. Sna himthosca reatha, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain Airteagal 13(1)(c) le sonraí a sholáthair na baill nó a cruthaíodh mar thoradh ar an úsáid a bhain siad as ardán LinkedIn. Os a choinne sin, cuimsíodh sna sonraí pearsanta a bhí faoi bhreithniú i ndáil le hAirteagal 14(1)(c) an rud a shainmhínigh LinkedIn mar shonraí tríú páirtí (i.e., sonraí a sholáthair custaiméirí fiontraíochta LinkedIn do LinkedIn) mar aon le sonraí a fuarthas ó Bing.

Chun Airteagail 13(1)(c) agus 14(1)(c) a chomhlíonadh, ní mór do rialaitheoir sonraí an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar agus é sin a dhéanamh ar an mbealach seo a leanas: (a) críoch(a) na hoibríochta próiseála sonraithe/an tacair oibríochtaí próiseála shonraithe ar ina leith atá an chatagóir shonraithe sonraí pearsanta/na catagóirí sonraithe sonraí pearsanta beartaithe, agus (b) an bunús dleathach a

bhfuiltear ag brath air chun tacú leis an oibríocht próiseála/leis an tacar oibríochtaí próiseála. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar ar bhealach ar a bhfuil nasc soiléir: (a) ó chatagóir shonraithe sonraí pearsanta/ó chatagóirí sonraithe sonraí pearsanta, (b) chuig críoch(a) na hoibríochta próiseála sonraithe/an tacair oibríochtaí próiseála shonraithe, agus (c) chuig an mbunús dleathach a bhfuiltear ag brath air chun tacú leis an oibríocht próiseála sin/leis an tacar oibríochtaí próiseála sin.

Ina fhianaise sin, agus maidir leis an mbeartas príobháideachta ó LinkedIn agus le haon nochtaí eile uaidh maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála ábhartha, rinne an Coimisiún na bunúis dhleathacha uile a raibh LinkedIn ag brath orthu a scrúdú ina n-aonar chun a mheasúnú ar chomhlíon nó nár chomhlíon an fhaisnéis a soláthraíodh d'úsáideoirí ceanglais Airteagail 13(1)(c) agus 14(1)(c). I ngach cás, chinn an Coimisiún nár comhlíonadh an caighdeán riachtanach. Tugtar achoimre achomair thíos ar na cúiseanna leis na fionnachtana sin.

Maidir leis an mbunús dleathach arb éard é toiliú, thug an Coimisiún dá aire nár cuimsíodh ach tagairt ghinearálaithe do phróiseáil thoiliúbhunaithe sa bheartas príobháideachta ó LinkedIn, á chur in iúl d'ábhair sonraí go mbeadh LinkedIn ag brath ar an mbunús dleathach sin agus go bhféadfadh siad toiliú a tharraingt siar nó diúltú do thoiliú a thabhairt. D'admhaigh an Coimisiún gur chuí a bhí cur chuige srathaithe i leith nochtaí príobháideachta agus thug sé aird freisin ar fhaisnéis ar sholáthair LinkedIn í trína leathanaigh lenar bhain an sásra toilithe, a ionad cabhrach, agus socruithe. Mar atá mionsonraithe tuilleadh thuas, áfach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh amhlaidh, maidir leis na tuairiscí ar chomhpháirtithe LinkedIn a tugadh sna nochtaí ábhartha, ar uathu a fhaigheann sé sonraí pearsanta, a bhí siad doiléir agus nár tugadh aon fhaisnéis fhiúntach iontu maidir leis an ról a imríonn teicneolaíochtaí fógraíochta nó na comhpháirtithe sonracha lena mbaineann. Ina theannta sin, ní raibh an teanga a úsáideadh ina teanga a bheadh inrochtana go réidh ná sothuigthe don ghnáthdhuine. Níor mheas an Coimisiún ach oiread gur leag LinkedIn amach d'úsáideoirí ar bhealach sách soiléir na gníomhaíochtaí próiseála ar ina leith a bhí sé ag brath ar an mbunús dleathach arb éard é toiliú, ar leithligh ó na gníomhaíochtaí próiseála ar ina leith a bhí sé ag brath ar an mbunús dleathach arb éard é leasanna dlisteanacha, rud a d'fhág nár cuireadh ar chumas na n-ábhar sonraí iarmhairtí an toilithe a rabhthas ag iarraidh orthu é a thabhairt a dhéanamh amach go héasca. Dá réir sin, níor leag LinkedIn an fhaisnéis riachtanach amach ar bhealach ar ar taispeánadh nasc soiléir idir na catagóirí sonraí pearsanta a bhíothas ag próiseáil, críoch na n-oibríochtaí próiseála agus an bunús dleathach a rabhthas ag brath air.

Maidir leis an mbunús dleathach arb éard é gá conarthach, thug an Coimisiún dá aire an athuair nach ndearna LinkedIn ach tagairtí ginearálaithe don bhunús dleathach sin sna nochtaí d'úsáideoirí uaidh. Níor tagraíodh sa bheartas príobháideachta ó LinkedIn ach amháin do bhrath ar an mbunús dleathach sin, agus luadh ann go bpróiseálfadh sé sonraí céadpháirtí le haghaidh fógraíocht spriocdhírithe. Ina theannta sin, sonraíodh sa chomhaontú úsáideoirí go ndéanfadh sé *"an fhaisnéis agus na sonraí a sholáthraíonn tú agus atá againn faoi bhaill a úsáid chun moltaí a dhéanamh le haghaidh naisc, inneachar agus gnéithe a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit"*. Mheas an Coimisiún gurbh fhollasach nár fhéach an fhaisnéis sin le nasc soiléir a shuí idir na catagóirí sonraí arna bpróiseáil chun críocha sonracha ar bhonn an bhunúis

dhleathaigh sin. Mar thoradh air sin, ní raibh ábhair sonraí in ann, mar chéad chéim, na catagóirí sonraí pearsanta a próiseáladh agus na críocha ar chucu a próiseáladh iad a nascadh leis an mbunús dleathach ábhartha arb éard é gá conarthach.

Maidir leis an mbunús dleathach arb éard é leasanna dlisteanacha, tagraíodh an athuair sa bheartas príobháideachta ó LinkedIn do bhrath ar an mbunús dleathach sin go ginearálta agus cuimsíodh ann tagairt leithleach do shonraí céadpháirtí a úsáid le haghaidh spriocdhíriú fógraí. Soláthraíodh hipearnasc freisin ag ar leagadh amach na leasanna dlisteanacha a bhféadfadh LinkedIn a bheith ag brath orthu le haghaidh próiseáil a dhéanamh. Bhreithnigh an Coimisiún freisin faisnéis a cuimsíodh sna socruithe le haghaidh fógraíocht céadpháirtí agus próiseáil le haghaidh anailísíochta, mar aon le leathanach Gréasáin hipearnasctha. Faoi mar atá amhlaidh maidir leis na bunúis dhleathacha arb éard iad toiliú agus gá conarthach, áfach, níor leag LinkedIn amach go leordhóthanach gach ceann de na catagóirí sonraí pearsanta a phróiseáil LinkedIn ar bhonn a leasanna dlisteanacha, críocha na n-oibríochtaí próiseála sin agus an bunús dleathach a rabhthas ag brath air. Chinn an Coimisiún freisin nár taispeánadh nasc leordhóthanach idir na gnéithe sin. De bhreis air sin, níor leor tagairt ghinearálaithe d'úsáid na sonraí arna mbailiú ag *"affiliates, including Microsoft"* chun a chur in iúl d'úsáideoirí gur phróiseáil sé sonraí a bailíodh ón úsáid a bhain úsáideoirí as Bing agus níor cuireadh in iúl go soiléir an fhaisnéis faoi cé na sonraí pearsanta a próiseáladh ar an mbunús arb éard é leasanna dlisteanacha i gcomparáid leis an mbunús arb éard é toiliú.

***Airteagail 13(1)(d) agus 14(2)(b)***

Foráiltear le hAirteagal 13(1)(d) gurb amhlaidh, i gcás go mbailítear sonraí ó ábhair sonraí agus go bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (f) d'Airteagal 6(1) RGCS, nach mór do rialaitheoirí sonraí faisnéis a sholáthar faoi *"na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag triú páirtí"*. Luaitear an athuair in Airteagal 14(2)(b) ceanglas Airteagal 13(1)(d) sa chomhthéacs ina bhfaightear faisnéis ó thríú páirtithe. Is é an príomhcheanglas in Airteagail 13(1)(d) agus 14(2)(b) RGCS ná na leasanna dlisteanacha atá á saothrú a leagan amach, agus tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur leag LinkedIn amach sa Bheartas Príobháideachta uaidh na leasanna a raibh sé ag iarraidh a phróiseáil a bhunú orthu. Go háirithe, soláthraíodh hipearnasc sa bheartas príobháideachta, inar leagadh amach na leasanna ar a mbunódh LinkedIn a phróiseáil. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach raibh aon sárú ann ar Airteagail 13(1)(d) nó 14(2)(b) RGCS.

**Cothroime**

Ceanglaítear le hAirteagal 5(1)(a) RGCS go ndéanfar sonraí pearsanta *"a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí ('dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht')"*. Mar a luaigh EDPB (Treoirlínte 4/2019), is prionsabal leathan é prionsabal na cothroime agus ceanglaítear leis nach mór aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bheith cothrom don

duine aonair lena mbaineann a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta, agus nach mór a chinntiú nach bhfuil an phróiseáil sin díobhálach go míchuí, gan choinne, míthreorach ná mealltach.

Tar éis mionscrúdú a dhéanamh ar an bpróiseáil, tháinig an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Ní raibh ábhair sonraí in ann a thuiscint go hiomlán cé na húsáidí a bhainfí as a sonraí pearsanta dá mba rud é go dtoileodh siad lena bpróiseáil nó nach dtoileodh siad lena bpróiseáil agus, mar thoradh air sin, ní raibh siad in ann na húsáidí a bhainfí as a sonraí a shuí, ag brath ar cé acu a thug siad toiliú nó nár thug. Dá bhrí sin, ní raibh siad ar an eolas, mar shampla, faoi cé na sonraí a próiseáladh faoi réir toilithe nó faoi réir leasanna dlisteanacha agus, mar thoradh air sin, níorbh eol dóibh an mbeadh nó nach mbeadh an ceart chun agóid a dhéanamh nó chun toiliú a tharraingt siar infheidhmithe i ndáil leis na sonraí sin.
- Maidir le húsáid na bhfocal *"continue"* agus *"accept"* i dteannta a chéile sa sásra toilithe, mheasfaí go réasúnach go mbrúfadh sí an t-ábhar sonraí i dtreo glacadh leis chun leanúint ar aghaidh, agus cuireadh an fhaisnéis a sholáthair LinkedIn ar an leathanach scáineach toilithe i láthair ar bhealach ar ar tugadh le fios nach bhfeicfeadh úsáideoirí *"poist ábhartha"* mura dtabharfadh siad toiliú, agus rinne sé amhlaidh ar mhodh a chuaigh níos faide ná an tionchar iarbhír a bhí aige maidir le poist ábhartha a bheith á dtaispeáint d'úsáideoirí. De bhreis air sin, tá seans ann gurbh é an toradh a bhí ar thagairtí eisiacha d'fhógraí *"ar LinkedIn"* ar an gcéad chiseal den leathanach scáineach inneachair ná gur cuireadh dallamullóg ar ábhair sonraí maidir le raon feidhme na próiseála a dhéantar ar bhonn a dtoilithe.
- Ní bheadh ábhair sonraí ag súil go mbeadh sonraí tríú páirtí nó sonraí ar baineadh tátal astu agus sonraí Bing á bpróiseáil ar an mbunús arb éard é leasanna dlisteanacha le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe.
- Maidir leis an bpróiseáil a bhí ag brath ar thoiliú, ba mhíthreorach d'ábhair sonraí a bhí an fhoclaíocht i sásra toilithe LinkedIn. Go háirithe, ní raibh an fhoclaíocht sách soiléir maidir leis na críocha próiseála a measfaí gur thoiligh ábhair sonraí leo má chliceáil siad *"Accept & Continue"*, agus aird á tabhairt ar an dlúthcheangal idir na críocha éagsúla ar chucu a phróiseáil LinkedIn sonraí céadpháirtí agus sonraí tríú páirtí agus ar an easpa iarmhartach soiléire sa sásra toilithe a raibh LinkedIn ag brath air.

Mar thoradh ar na tosca thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearnadh ar bhealach cothrom an phróiseáil a rinne LinkedIn agus gur sháraigh sí prionsabal na cothroime in Airteagal 5(1)(a).

**<u>Achoimre ar Chinntí</u>**

Thángthas ar na conclúidí seo a leanas sa Chinneadh:

- Ní raibh LinkedIn in ann a bheith ag brath go bailí ar Airteagal 6(1)(a) RGCS chun sonraí tríú páirtí a bhall a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe, gan anailísíocht a áireamh, ar an mbonn nach raibh an toiliú a bhfuair LinkedIn é tugtha faoi shaoirse, sonrach nó feasach go leordhóthanach ná gan athbhrí.
- Ní raibh LinkedIn in ann a bheith ag brath go bailí ar Airteagal 6(1)(f) RGCS le haghaidh na próiseála a rinne sé ar shonraí pearsanta céadpháirtí a bhall le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe nó ar shonraí tríú páirtí le haghaidh anailísíochta.
- Ní raibh LinkedIn in ann a bheith ag brath go bailí ar Airteagal 6(1)(b) RGCS chun sonraí céadpháirtí a bhall a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe.

- Sháraigh LinkedIn Airteagail 13(1)(c) agus 14(1)(c) i ndáil leis an bhfaisnéis a sholáthair sé d'ábhair sonraí maidir leis an méid a bhí sé ag brath ar Airteagal 6(1)(a), Airteagal 6(1)(b) agus Airteagal 6(1)(f) mar bhunúis dhleathacha.
- Sháraigh LinkedIn prionsabal na cothroime in Airteagal 5(1)(a) RGCS.

**<u>Bearta Ceartaitheacha</u>**

Faoi alt 113(4)(a) d'Acht 2018, is amhlaidh, i gcás go nglacann an Coimisiún cinneadh (de réir alt 113(2)(b)), nach mór dó freisin cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cumhacht cheartaitheach a fheidhmiú i ndáil leis an rialaitheoir nó an phróiseálaí lena mbaineann agus, dá mba cheart, ní mór dó cinneadh a dhéanamh ar an gcumhacht cheartaitheach atá le feidhmiú. Leagtar amach in Airteagal 58(2) RGCS na cumhachtaí ceartaitheacha a fhéadfaidh údaráis mhaoirseachta a fheidhmiú i ndáil le neamhchomhlíonadh ag rialaitheoir nó ag próiseálaí.

Tar éis dó na sáruithe a luadh sa Chinneadh a bhreithniú go cúramach, chinn an Coimisiún cumhachtaí ceartaitheacha áirithe a fheidhmiú de réir alt 115 d'Acht 2018 agus de réir Airteagal 58(2) RGCS. Ba iad seo na cumhachtaí ceartaitheacha a chinn an Coimisiún a bheith cuí chun aghaidh a thabhairt ar na sáruithe sna himthosca ar leith:

- Iomardú a eisiúint chuig LinkedIn i ndáil lena sháruithe ar RGCS a luadh sa Chinneadh (i.e., Airteagail 5(1)(a), 6(1), 13(1)(c) agus 14(1)(c) RGCS).
- Ordú a fhorchur ar LinkedIn a phróiseáil a chur i gcomhréir le RGCS. Leis an ordú sin:
    - ceanglaítear, ar an gcéad dul síos, ar LinkedIn an Beartas Príobháideachta uaidh a thabhairt i gcomhréir le hAirteagail 13(1)(c) agus 14(1)(c) RGCS maidir le faisnéis a sholáthraítear faoi shonraí a phróiseáiltear de bhun Airteagal 6(1)(a), 6(1)(b) agus 6(1)(f) RGCS, má leanann LinkedIn le bheith ag brath ar na bunúis dhleathacha sin le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe agus le haghaidh anailísíochta;
    - ceanglaítear, ar an dara dul síos, ar LinkedIn an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun an phróiseáil a dhéanann sé ar shonraí pearsanta le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 6(1) RGCS, go háirithe, an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na cinntí sa Chinneadh nach

raibh LinkedIn ag brath go bailí ar Airteagal 6(1)(a), 6(1)(b) agus 6(1)(f) RGCS chun an phróiseáil shainaitheanta a dhéanamh.

- Trí fhíneáil riaracháin dar luach iomlán €310 milliún a bhí éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur mar a leanas:
    - Fíneáil €105 mhilliún maidir le brath LinkedIn ar an mbunús dleathach in Airteagal 6(1)(a) RGCS, agus maidir le sáruithe LinkedIn ar Airteagail 5(1)(a) agus 6(1) RGCS as sonraí tríú páirtí a bhall a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe gan bunús dleathach bailí.
    - Fíneáil €110 milliún maidir le brath LinkedIn ar na bunúis dhleathacha in Airteagail 6(1)(b) agus 6(1)(f) RGCS, agus maidir le sáruithe LinkedIn ar Airteagail 5(1)(a) agus 6(1) RGCS as sonraí céadpháirtí a bhall a phróiseáil le haghaidh anailís iompraíochta agus fógraíocht spriocdhírithe agus as sonraí tríú páirtí a phróiseáil le haghaidh anailísíochta gan bunús dleathach bailí.
    - Fíneáil €95 mhilliún maidir le sáruithe LinkedIn ar Airteagail 13(1)(c) RGCS agus 14(1)(c) RGCS.

Níor fhorchuir an Coimisiún fíneáil leithleach as an sárú ar phrionsabal na cothroime de chuid Airteagal 5(1)(a) RGCS in imthosca ina raibh an sárú bunaithe ar iompar ar chuir an Coimisiún san áireamh é go hiomlán cheana féin le linn fíneálacha riaracháin leithleacha a fhorchur.

Sular glacadh é, chuir an Coimisiún dréacht den chinneadh uaidh faoi bhráid na nÚdarás Maoirseachta lena mbaineann i mí Iúil 2024, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 60(3) RGCS. Níor tharraing na hÚdaráis Mhaoirseachta lena mbaineann aon agóidí (chun críche Airteagal 60(4) RGCS) in aghaidh an dréachtchinnidh.